# SCÉAL ÚR

IRIS GHAELTACHT BHEAL FEIRSTE

A Luach - Real
Iml. 1. Uimh. 22.

Mean F. 28, 1966

Arna fhoilsiú ag: FOLLUS, 11 Sráid Cawnpore, Béal Feirste, 13. Arna cló-bhualadh ag: "Donegal Democrat", Béal Atha Seanaigh, Tír Chonaill.

Cuirtear ábhar scríbhneoireachta chuig:

An tEagarthoir, FOLLUS, 11 Sráid Cawnpore, Béal Feirste, 13. Guthán 33040.

Cuirtear ábhar fógraíochta chuig: SPASCO, 29 Knockbraken Crescent, Ceathrú Aodha Dhuibh, Béal Feirste. Guthán 827720.


## TAE PONCANACH i gCLUAIN ARD

### Cabhair Do Nai-scoil Phobal Feirste

Oíche Chéadaoin an 14ú lá déag de'n mhí, cuireadh Tae Poncánach sa tsiúl i gCluain Ard, Sr. na Sceiche, ar son Naí-Scoil Phobal Feirste. Tá an scoil seo anois faoi lán-séol agus seo sampla den chineál imeachta a bhéifear á reachtáil feasta ar a son. Thoisigh an siamsa ar 8.30 agus mhair sé go dtí go maith isteach sa mhaidin. Thug Aindrias Mac Domhnaill caint indiaidh an tae agus chualathas ceol ó Bhuíon Naomh Muire agus ó amhránaithe Chluain Ard. Bhí suas le ceithre scór i láthair agus chaith siad oíche a bhí gan amhras iontach pléisiúrdha.

Is maith an smaointiú seo Tae Poncánach. Sé an rud a tharlaíos go nglacann achan bhean de'n lucht reachtúla tábla ar leith agus go ndeán sí bia a chur ar fáil do leathdosaen. Bheir sí féin cuireadh do dhaoine ar leith agus díolann siad sin sínteanas éigin ar son an tae. Rud úr é agus is cosúil go n-éiríonn go maith leis de ghnáth ó thaobh éagsúlachta agus airgid.

Tá áthas orainn go bhfuil a leithéid seo de rud a chur sa tsiúl agus tá muid ag dúil go bhfeicfear tuilleadh dó feasta, ní amháin ar son na Naí-Scoile ach fosta mar ábhar siamsaíochta do mhuintir Bhéal Feirste.

[Foilsíodh clár cuimhneacháin an oíche sin agus ar leath. 6 tá sliocht as ag cur síos ar an Naí-Scoil.]

## Baile-Phleanail i mBeal Feirste

Tugadh faoi údarás pleanála Bhéal Feirste in alt ar eagrán na míosa seo de "Newsletter" Eaglais na hÉireann. An té a scríobh é, dúirt sé, cé gur maith iad glanadh na bplod-ceantracha agus tithe agus bóithre úra agus gur comhartha iad go bhfuil dul chun cinn sa phobal, gur láimhseáileadh i mBéal Feirste iad gan samhlaíocht agus in amannaí gan chéill féin.

Deir sé go bhfuil na pleanálaithe anois ag obair, má's mall féin é agus a' dhul i gceann na hoibre ar dhóigh níos éifeachtaí, ach sé an cheist atá anois ann, ná, cá huair a chuirfear a gcuid moltaí i bhfeidhm.

## CUIDIU

Tá dhá bhliain caite ag Dominic Burns, Westland Row, Béal Feirste ag ullmhú trachtais ar "Ré Órga Amharclainn an Abbey" agus dar leis go bhfuil moladh mór tuillte ag lucht leabharlann tagartha Bhéal Feirste, Ascall Ríoga. Deir an tUasal Burns go dtearn sé iomlán a chuid taighde i mBéal Feirste, agus gur ordaíodh go speisialta leabharthaí agus irisí fan a choinne—cinn Meiriceánacha comh maith le cinn Éireannacha.

"Bhí achan duine íontach garach ar fad" a dúirt sé. "An cuid is mó den am, d'obair mé ins an Roinn Ghaelach, a dhruid ar 6.30 p.m., ach d'athruigh na cúntóirí na leabharthaí go dtí an phríomh leabharlann a fánas foscailte go dtí níos maille. I gcónaí bhí siad tuillteanach cuidiú liom."

Tá an Leabharlann Tagartha ar ceann de na leabharlanna is compoirtí ins na h-oileáin seo, agus is maith an rud go bhfuil sé a oiread in úsáid agus tá sé—chan amháin go n-usáideann daltaí scoile é, ach mic-léinn ollscoile agus gnathphobal Bhéal Feirste comh maith.

## FOGRA

O THARLAIGH gurbh fhearr a d'fhóirfeadh sé do lucht díolaíochta an pháipéir, béidh "SCÉAL ÚR" á fhoilsiú feasta gach Céadaoin. Béidh sé le ceannacht ins na gnáth-shiopaí maidin Diardaoin.

## SEAN-FHOIRGINTI

Tá an Dr. Alan McCutcheon fostaithe ag Roinn Airgeadais na Sé gCo. fá choinne suirbhé a dhéanamh ar fhoirgintí i mBéal Feirste a bheadh suimiúil ó thaobh staire nó ailtíreachta de. Tá Oifig na gCaipéisí Poiblí ag iarraidh ar ailtirí agus suirbhirí agus ar an phobal mhór i gcoitinne, pleananna nó líníocht ar bith de fhoirgintí, go h-áithrid iad-siúd a togadh idir 1850 agus 1914, a thabhairt chuig an oifig in Áras na gCúirteanna Dlí.

## DOCHTUIR DO ARAINN MHOIR

Tá Comhairle Condae Dhún na nGall i mbaol cogadh rátaí leis na 700 daoine a chónaíos ar Árainn Mhóir. Ní rabh dochtúir buan ar an Oileán le bliain anois, agus tá na daoine ag gearán, nó sa Gheimhreadh ní bhíonn aon-teangmháil acu le tír mór de dheasca fairrgí arda agus doinninn.

Tig dochtúir ó Ospidéal an Chlocháin Léith achan Aoine agus reachtáileann sé clinic ansin, ach deir na hoileánaigh nach leor an méid sin.

## CRAINN AG PAIRC NAOIMH SEAMUS

Ainneoin gur mhol Roinn na bPáirceanna go leagfaí 24 orann i bPáirc Naomh Séamus, Br. na bhFál, shocair Coiste Pleanála na Cathrach, indiaidh an áit a bhreathnú, nach ndeánfaí sin ach go mbainfí cuid de'n duilliúir agus de na géaga dífa. Is maith mar tharlaigh. Tá crainn gann go leor mar tá fá shráideanna na Cathrach.

## BAC AR AN TOGAIL I MBEAL FEIRSTE

De dheasca staile ar rag-obair atá a fheidhmiú fá láthair ag 200 tiománaí agus fear stórais i gceantar Bhéal Feirste, tá laghdú ag teacht ar obair thógála sa chathair.

Tá na fir ar stailc neamh-oifigiúil le coicís anois mar agóid indiaidh an freeze ar ardú tuarastala a cuireadh i bhfeidhm ina gcás-siúd. Tá siad ag iarraidh ar a gceardchumann an stailc a aithint mar stailc oifigiúil.

## LOISTE NA MONA

I ndiaidh do thoscaireacht de mhaithreacha siúl go Halla na Cathrach agus ris-chartaí ar iompar acu, shocair Coiste na bPéas de'n Bhárdas, dhul i gcomhairle le lucht pleanála Bhéal Feirste faoin chontúirt tráchta ar Bhóthar na Móna.

D'iarr na maithreacha go ndruidfí an bóthar don tráchta cionnus an chontúirt mhór do na páistí sa cheantar.

Dúirt Gordon Hayes, Oifigeach Feidhmiúcháin na bPéas, gur maraíodh gasúr 7 mbliana d'aois 3 seachtainí ó shoin agus gur gortaíodh daréag in 8 dtaismí ó foscladh an bóthar ar tús i 1963.

## Oibreacha an Uisce

Is cuimhne linn, tá cupla bliain ó shoin gur draenáileadh an tuisce uilig as na linnte de chuid Oibreacha Uisce Bhéal Feirste ar Bhóthar Bheann Mhadagáin. Is cosúil anois go bhfuil socraithe go ndeánfar dhá lochán anseo arís, an ceann uachtarach i gcóir iascaireachta agus an ceann íochtarach i gcóir bádóireachta. Béidh an talamh mórthimpeall orthu á úsáid fá choinne imeachtaí spóirt agus fóil líochta.

**IS mian linn, foireann stiúrtha "SCÉAL ÚR" ár leithscéal a ghabháil le Risteárd Ó Glaisne as alt dá chuid a fhoillsiú i bhfoirm litre. Is tré mheancóg a cuireadh an talt i gcuideachta litir eile le linn do'n Eagarthóir bheith imithe.**

## CAD CHUIGE!

Ar na mallaibh, foilsíodh freagair ar an chéist—"Cad chuige a n-ólann Sasanaigh amháin beoir bhogthé?"

Sé an miniú a thug síceolaithe tionsclaíoch ar an scéal ná go n-óltar beoir, sa chéad uair, chan mar dheoch, ach mar bhia.



Cathal Mac Gabhann, Bainisteoir Ginearalta Gaeltarra Éireann. (Féach leath. 2).

# Bain Ceol As

(Le 'PÍOBAIRE')

**BUÍON CHEOIL ULADH**

Beidh an chéad chuirm cheoil 'á thabhairt ag Buíon Cheoil Uladh i 1 nDoire Cholmcille ar an 30ú lá den mhí seo agus seinnfidh siad ar 20 ocáid eile frid an chúige. Seo an rud a dúirt an t-Uasal Donald Froud, bainisteoir—"Ceann de na príomh chuspóirí atá againn is é daoine óga a mhealladh chuig na cuirmeacha ceoil. Tá sé riachtanach againn toiseacht leis na scoltacha. Chuige sin bheirfidh muid 24 cuirm cheoil ins na scoltacha ar fud an chúige."

Aontaím ar fad leis an teoiric sin. Ba gheal le mo chroí dá mbeadh páistí uilig na tíre ag foghlaim gléasanna ceoil ar scoil. Smaointigh ar dul chun cinn an cheoil dá mbeadh sin amhlaidh—páistí sáite sa cheol ó thús aois scoile—eolas 'a mhéadu de réir a chéile agus dúil acu ann. Tá an dearcadh ceart ceillidhe ag an Uasal Froud go mbrathann todhcaí an Bhuíon Cheoil ar na páistí.

I mBéal Feirste seinnfidh siad ar 15 ócáid i Halla Uladh, agus beidh siad le cluinstin ag am lóin 7 n-uaire fosta ag toiseacht Dia Mairt 4ú Deireadh Fomhair i Sráid Waring. Chun tús ceart a chur ar na gnaithi, beidh cuirm ceoil ar leith i Halla na Cathrach ar 28ú den mhí seo. I lathair beidh méara Bhéal Feirste, an t-Uasal William Geddis, agus comhairleoirí eile na cúige chun failte a fhearadh roimh an Bhuíon Úr.

**AONACH I mBAILE ÁTHA NA SLUA**

Ar an 2ú Deireadh Fomhair cuirfear tús le h-aonach shé lá i mBéal Átha na Slua. Beidh Buíon de phíobairí ás Baile Átha Cliath ag mairseáil ag tús an mhórsiúil a bheas ann ar an chéad lá, agus is cailíní ar fad iad. Beidh comórtaisí ceoil ann, ar ndoighe, agus rud úr, ar feadh a thuigimse, beidh comórtas ann do thithe tabhairne ceolmhara. Tá an t-aonach seo ar siúil le breis is 120 bliain.

**RINNCEOIRÍ DE DHITH**

Tá fógraithe ag Miss K. Lawlor, 14 Ascall Windsor, Béal Feirste, atá ina Rúnaí ar Chumann Ríoga de Rinncí Tuaithe na hAlban go bhfuil siad ag iarraidh baill úra a fháil. Beidh rangannaí ag toiseacht in a lán de bhailte na cúige agus duine ar bith ar mian leis damhsaí na hAlban a fhoghlaim, scríobhadh sé chuig an Rúnaí.

**CEOLTÓIRÍ AR IARRAIDH**

De réir cuma tá ceoltóirí ag imeacht ó Bhaile Átha Cliath go dtí postanna eile. Bhí eagla ar chuid againn go mbeadh an ganntanas cionntach as caighdean níos ísle ins na Buíonta Ceoil a chluin muid go rialta. Tá dhá bhuíon ag Radio Telifis Eireann mar tá, an Bhuíon Shiomphóin agus Buíon Cheoil Éadrom agus chaill siad 16 ceoltóir i mbliana (chuaigh 9 acu go hUltaibh a sheinnm sa Bhuíon Úr). Bhí fathanna éagsúla lena n-imeacht. Cuid acu a bhí ag iarraidh tuilleadh taithí—cuid eile ar son airgid agus cuid eile a rabh a gconnradh reaite.

Ní fíor a rá go bhfuil na Buíontaí ar an lag-chuid in éagmais na ceoltóirí a d'imigh mar tá 12 phost líonta cheana agus tá iarrataisí eile 'a scrúdú faoi láthair. Deirtear nach bhfuil go leor de cheoltóirí óga ag teacht chun tosaigh sa tír le go líonfadh siad na folúntaisí a éiríonn ó am go chéile. Sin an fath nach mbeidh ach 5 Éireannach as an 16 atá de dhith.

**AIFREANN CÓRAGRAFACH I LEARPHOLL**

Nuair a fosclaítear Ard Eaglais Chríost an Rí i Learpholl ag an Chincís an bhlian seo chugainn, léireofar an tAifreann i bhfoirm sraith damhsaí nua aimsearacha. Sé an ceol a bhéas ag dul leo an "Messa Concertata" le Cavalli.

Dúirt an tEaspóg Harris go dtiocfadh leis an bhuntomhas úr seo—tuigbheáil níos doimhne do chiall bhunúsach an Aifrinn a thabhairt do dhaoine.

Do'n Aifreann Chóragrafach, beidh tuairim is 180 daoine ar fad a dhith, idir dhamhsóirí agus cheoltóirí. Beidh thart fa 40 damhsóirí ann, ó Scoil Damhsa Nua Aimsearach London, agus léirítear an t-iomlán ocht uair ar fad.

Comh maith le seo beidh ceadalacha organ ann, agus cuirmeacha ceoil le córacha Aifreann ó na hÁrd Eaglaisi Anglacacha agus Caitliceacha.


**INSTITIÚD AN OIDEACHAIS**

CLÁRAIGH ANOIS DO SHÉISIÚN 1966-'67

CÚRSAÍ DIOPLÓMA AGUS ARD-DIOPLÓMA

G.C.E. AGUS CÉIMEANNA OLLSCOIL LONDAIN

LÉACHTANNA MAR LEANAS

Oíche Luain: Feallsúnacht, Eacnamaíocht.
Oíche Mháirt: Gaeilg, Frainncis.
Oíche Chéadaoine: Stair, Tír-eolas.
Oíche Dhiardaoin: Laidin, Béarla.
Gach oíche: 7.15-8.15 p.m. agus 8.30-9.30 p.m.
ag toiseacht 26-9-64 ar 7.15.

Cuirfear tuilleadh rangannaí ar siúl de réir éilimh agus bheirfear iarraidh freastal ar dhaoine nach bhfuil na h-amannaí thuas ag fóirstin dófa. Beidh treoir agus comhairle staidéir le fáil ag aonduine ar mian leis bheith ag foghluim sa bhaile.

Gach eolas
Ó'n Chláraitheoir,
INSTITIÚD AN OIDEACHAIS
54, Royal Avenue, Béal Feirste 1.

B.F. 33040 (fó-líne 2).

AN CÓRAS OIDEACHAIS ATÁ DÍRITHE AR RIACHTANAISÍ GAEL


# Ceapachan Bhainisteoir Ghinearalta

Tá fógraithe ag Bord Ghaeltarra Éireann go bhfuil an tUasal Cathal Mac Gabhann ceapaithe acu ina Bhainisteoir Ginearálta. Tagann an tUasal Mac Gabhann chuig Gaeltarra Éireann ó Muintir Lincoln and Nolan Teo., comhlucht ar a bhfuil sé ina Phríomh Chuntasóir.

Is i Scoil Iosep na mBráthar, Muirine, agus san Ollscoil Náisiúnta, Baile Átha Cliath, áit a ghnóthaigh sé céimeanna mar B.Eal. agus B. Trácht., a fuair an tUasal Mac Gabhann a chuid oideachais. San scrúdú don céim B. Eal. thóg sé an céad áit agus bronnadh scoláireacht air. Glacadh leis mar bhall de Institiúd na gCuntasóirí faoi Chairt sa bhliain 1953.

Ar bhaint amach gradam mar Chuntasóir dó, fuair an tUasal Mac Gabhann taithí ar an Mór Roinn leis na comhluchtaí iniúchóireachta agus cuntasaíochta eadarnáisiúnta Price Waterhouse & a chomh., Deloitte, agus Plender Griffith & a Chomh.

Sa bhliain 1958 ceapadh é mar Rúnaí/Cuntasóir ar Ghaeltarra Éireann. Sa bhliain 1960 chuaidh sé chuig Muintir Caltex (Ireland) Teo. mar Chuntasóir agus ceapadh é ina Phríomh Chuntasóir sa bhliain 1962. Chuaidh sé go dtí Muintir Lincoln Nolan i mí na Nollag na bliana 1964.

Tá an tUasal Mac Gabhann pósta agus ceathrar páistí air.

# On Ar Leitheoiri

Mín na Gualna,
Béal an Átha Móir,
Tír Chonaill.
17/9/'66.

A chara,

Fuair mé cupla cóip uait de "Sceal Úr" agus tá muid fíorbhuíoch duit agus do "Scéal Úr" ar son an phoiblíocht bhreá a thug sibh dúinn (Coláiste Chú Uladh). Bhí toradh maith air mar cupla lá ina dhiaidh sin tháinig cúig phunta chugainn fá choinne ticéadaí.

Istigh le seo tá 6/- ar son 6 cóip a fuair mé agus 6 cóip eile don tseachtain seo chugainn.

Ádh mór,
**Pascal Mac Aodháin.**

## AN CHEAD CHEANN IN EIRINN

Tá monarca úr le tógáil ar Láithreán Tionscalach na Sionainne, a bhéarfas obair do ós ceann 40 othair as Otharlanna Intinne Luimnigh agus na hInse, Co. an Chláir. Seo an chéad cheann ariamh in Éirinn a bheas ag freastal ar lucht an chineál sin ospidéil.

## Ealaion i gCuige Uladh

Ar 5/- sa bhliain, féadaidh duine "New Bulletin," a d'fhoilsigh Cónascadh Ealaíona Uladh, a cheannacht. Iris ráithiúil é, ina bhfaighfeá eolas ar chuinníocha agus ar thaispeántaisí ag cumainn agus eagrais éagsúla ealaíona. Tá cur-síos fosta ann ar cúrsaí in-áiteacha éagsúla agus faoi mhúinteoirí eagsúla.

Tá ráite fosta sa Bulletin gur mian leis an Chónascadh liosta a chur le chéile de ealaíontóirí a bheadh sásta teagasc a thabhairt ar son íocaíochta. Duine ar bith acusiúd, nó duine ar bith a dteastaíonn múinteoir uaidh, ba chóir dó scríobh chuig an Rúnaí Stiúrthóireachta, J. Hillman, 3, Dhu Varden Park, Port Rois, Co. Aontroma.




**"We'll guard old Derry's walls!" Le Gearoid Mac Artan.**



**Lucht tionscail as Baile Átha Cliath a tháinig chuig cruinniú tionscnaimh Chomhar-Chumann Chleiteála Gleann Colmcille. Ina gcuideachta tá An tAth. Séamus Mac Duibhir, cathaoirleach an Chomhar-Chumainn.**

## GEARAN FA CHUAN BHUN CHRANNAI

Lucht loingis, a bíos ag úsáid cuan Bhun Chrannaí ar Loch Súilí, tá siad ag gearán fá dhroch-stáid na háite agus ag bagairt go rachaidh a gcuid long go Doire feasta. Dúradh an méid seo ag cruinniú de Chomhairle Uirbeach an bhaile, agus fosta, de dheasca an easbaidh obair ghlantóireachta atá a dhéanamh ar an ghrinneal, go rabh tráchtáil an chuain i mbaol mór.

Deir Coimisinéirí an Chuain nach dtig leo an obair seo a dhéanamh agus go bhfuil siad ag cur toscaireachta chuig an Aire Tráchta agus Cumhachta.

## MEADU MOR AR EASPORTAIL NA SIONAINNE

I dtuarascáil bhliantúil Chomhlucht Forbairte na Sionainne, foilsíodh gur eagportáil an eastát tionscail luach £22½ milliún punt de dheántúsaíocht sa bhliain 1965 i gcomórtas le luach £14 milliún i 1964.

,Tá 3,293 daoine ag obair ansin anois ar tuarastal £2.2 milliún sa bhliain, agus tá sprioc 5,300 don bhliain 1970.

Dúradh fosta go dtáinig 17,479 ar féastaí i gCaisleán Bhun Rathaigh, i gcomórtas le 11,149 sa bhliain roimhe.

## BORD (FAOI AGUS OS CIONN)

**SUAS**

Dúirt an Ginearal Ó Coistealbha, Erin Foods Teo. go rabh rachairt mhór ar na bianna aisiúla i Sasain ó tugadh isteach iad. Anuraidh bhí an comhlucht ag dúil le méadú 200% thar an bhliain roimhe sin ach b'é 300% an méadú a bhí ann.

**SÍOS**

Chaill Bord na Móna £500,000 anuraidh de réir cuntas a foilsíodh go déannaí. B'é an doineann a ba chiontach leis, deirtear.

## NA BEANNA BOIRCHE

Ar mholadh ó Choiste Tíre Uladh, tá Roinn Forbairte na Sé gCo. ag socrú go gcaomhnófaí na Beanna Boirche feasta mar cheantar ina bhfuil áilleacht ar leith dúlra.

Tá an ceantar seo ag síneadh ó Dhún Droma ó thuaidh go dtí an áit a dtéid Abha an Iúir isteach sa Chaol-Uisce, ach ní áirítear ceantracha uirbeacha an Chaisleáin Nua, Cill an Chaoil, nó Rinn Mhic Ghiolla Ruaidh. Áirítear na sráidbhailte intíre, Machaire Átha, Caisleán a' Mhuilinn agus Baile an Chnoic.

## BILLE NA SCOLTACH I ᴺDOIRE

Tá costaisí oideachais Doire ag éirí níos airde. Ag cruinniú de choiste oideachais na cathrach glacadh le meastacháin £811,908 don bhliain 1967/68, £116,000 níos mó na bille na bliana reatha.

Fiú agus deontaisí rialtais san aireamh béidh £88,166 ar na rátaí i gcomórtas le £68,964 fá láthair. Ní dhíolfaidh muintir na cathrach an tiomlán afach, nó tháinig cuid de de bhárr an Cháin Fhostaíochta agus is dóiche go ndeanfar sin a aisíoc. Cuirfear 4d. de luach na rátaí.



L. B. Johnson, Uachtarán S.A.M.(Féach "Timpeall an Domháin leath. 5).


# AN BHFUIL OBAIR UAIT?

Ealaíontóirí a dhíth; lucht saorcheirde nó trtachtála. Bocsa 100.

Cuntasóirí ag teastáil; príomhchuntasóirí agus cuntasóirí cúnta. Bocsa 101.

Tiománaithe uainn; taithí ar fheithicli troma 'na bhuntáiste. DALUS. Bocsa 102.

Friotairí maithe a dhíth. Luaitear teanga (cha) agus taithí. Bocsa 103.

Carrchóiritheoir ag teastáil. Eolas ar innil Diesel ina bhuntáiste. Bocsa 104.

Freastalaithe siopa (lón-earraí earraí cruaidhe a dhíth. Bocsa 105.

Fir stórais a dhíth. Daoine atá maith i gcionn eagrú ábhair. Bocsa 106.

Scríbhneoirí a dhíth. Daoine ar féidir leo sruth ábhair a sholáthar. Bocsa 107.

Grianghrafadóirí a dhíth, a dhéanann obair rialta ar a gconlán féin. Bocsa 108.

Clóscríobhaithe a dhíth. Gaeilg bheacht sár-riachtanach. Teanga eile ina buntáiste. Luas 60 focal suas. Luathscríbhinn ina cáilíocht bhreise. Bocsa 109.

Cléirigh ag teastáil; eolas ar chóras oifige, choinneáil leabhar agus láimhseáil tuarastal riachtanach. Bocsa 110.

Tuairisceoirí a dhíth—iad abálta a bhfoinsí féin a aimsiú. Bocsa 111.

Díoltóirí spáis a dhíth (fir nó mná). Buntáiste é taithí nó cumas ar dhíol tré'n ghuthán. Bocsa 112.

Canbhasóirí a dhíth. D'fhóirfeadh bailitheoir árachais nó lucht na seiceanna siopadóireachta. Bocsa 113.

Díoltóirí doras-go-doras a dhíth. Luaitear cad iad na línte a díoladh agat cheana. Bocsa 114.

Díoltóir-thiomanaí a dhíth chun earraí a sheachadadh agus ordaithe a fháil. DALUS. Bocsa 115.

# Nuair a Smaointim Air

(Le LIAM MAC REACHTAIN)

Bhí tagairt agus léirmheastaí ar na nuachtáin le déidheannaí faoi shaol agus faoi shaothar Phádraig Mhic Ghiolla, an té úd as Tír Chonaill a sholathraigh cáil dó fhéin le úrscéaltaí macasamhail 'The Rat Pit.' Agus chuir sin ag smaointiú mé ar an chaoi bhocht a bhíodh ar na deoraithe sealadacha a d'imíodh as an Ghaeltacht le trifle míosa a chaitheamh ag cnuasach préataí d'fheirmeóirí na hAlba. Níl a fhios ag éinne ach aca fhéin go díreach comh holc is a bhí a gcás. Chuaigh mé fhéin ann bliain amháin, agus go dtigidh thoir anoir, beidh náire orm, náire as m'aineolais, agus naire as mo chíne fhéin a dhisbeagadh.

I gceann mo chuigiú bliain déag a bhí mé nuair a chinn mé ar imeacht le scata as Ardaí an Dúin a théadh anonn achan bhliain chuig an 'taty-hokin'' agus a d'fhanfadh ansin leis an 'Scotch Harvest' a chruinniú. An bhliain roimhe sin, ba ag Kirkintilloch a tharlaigh an tragóid a b'uafásaí dár ndaoine, sé sin, dódh dornán daoibh i mbothán. Níl mé ghá rá nach raibh cuid bheag den locht ortha—measaim fhéin, ón taithí a fuair mé go raibh corr-dheoch dhá dhuirniú—ach, ba ríchuma leis na feirmeóirí Albanacha cad é mar a bhí neithe a fhad a bhí siad ann leis an fhomhar préataí a bhaint.

Bothán stáin agus sraideóga cocain a bhí againn, beirt ag codladh in achan leaba. Nímís ár gcuid i sciobal, áit a raibh cláir iomadúla amáid sínte trasna a chéile i gcrot boird. 'Bully beef' agus arán geal, 'batch' na hAlba a d'ithimís, agus m'fhocal doibh nar ith mé "bully beef" ón uair sin! Ba seacht measa ar ndoigh, an chaoi a bhíodh ar na Conallaigh a théadh trasna ansin in aimsir Phádraig Mhic Ghiolla. Ba Phalas gleoite an t-aras a bhí againn i bhfarradh is an didean suarach a thugtaí daoibh ins na laethanta údaí.

Olc is uile is mar a bhí na coinniollacha, ní chuca súid atá mé an babhta seo, ach, chuig an aineolas sin dar thagair mé cheana. Bhíodh cuifeallán amháin againn ag sclabhaíocht ar fheirm airithe i ngar d'áit a dtugtar Kirkcolm air, fá bhéal Loch an Rianaigh. Béarlóirí a bhí ionainn ar fad, agus gan ach an chuid a ba lú den oideachas againn lena chois. Chastaí dreamanna eile orainn ó am go chéile, ag Aifreann an Domhnaigh, nó istigh i Sreath an Radhair oíche Shathairn, ach, ní Béarla a bhí ag na cuifealláin eile. Ní raibh a fhios againn cad é an teanga a bhí aca, ach, leathnaigh an scéal inár measc go raibh siad dar maslú, ní folair. Tá an nós sin coitian fós ameasc lucht an aineolais a deir, nuair a chluin siad scaifte ag spalpadh Gaeilge go bhféadfadh siad a bheith ag caitheamh mallachtaí ortha!

Sin go díreach mar a bhí linne, agus bheartaíomar ar ionsaí a thabhairt ortha. Agus a leithéid d'ionsaí! Rud comh fealltach naireach ní fhaca mé ariamh, agus cé gur iompaigh mo ghoile bun· os ceann lena linn, dar liom gur den chrogacht é páirt a ghlacadh ann. Istigh i bpáirc na bpréataí a bhíomar, agus bhí a fhios againn na Conallaigh a bheith ag teacht amach ó Shreath an Radhair ar thrucáil achan mhaidin. Chuireamar luíochan rompa. I bhfolach i gcúl claí a bhíomar, agus nuair a tháinig an trucáil i ndeas dúinn, luíomar ortha le clocha móra.

Bhí suas le cúig claigne déag ar an trucáil sin, agus bhí thart fá scór inar measc fhéin. Is féidir a shamhailt cad é an t-árbhach agus an bhuisteoireacht rinneamar ar na créatuir anbhfainne údaí. Ní raibh siad ag dúil le ionsaí de chineal ar bith. Ní raibh siad namhadach, fiú, ach, dar fia, thugamar le fíos doibh nach gcaithfeadh siad achasáin linne i dteanga nach raibh ar eolas againn!

Tá a fhios agam gur scoilteadh claigne an mhaidin sin. Tá a fhios agam an sruth aithreachais a tháinig ormsa ina dhiaidh sin. Ghoill sé comh mór orm go ndeachaigh mé im aonar ionsóir an champa a bhí aca, agus ba ansin a tuigeadh domh nár mhallaigh siad sinne ariamh. Dá mba rud é go mbeadh an Ghaeilge againn thuigfimís cad é a bhí taobh thiar díofa. Thuigfimís gur daoine iad a b'fhearr i bhfad ná sinne, go raibh a ndúchas fhéin insteallta iontu, gurbh í an dúchas sin a bhí a cleachtadh aca. Agus féadaim a rá gur sin an chéad uair a chuala mé an Ghaeilge da labhairt faoi mar ba cheart í a labhairt, go direach ó bheola na n-eolaithe, i gcampa ar léirgeacha Mhaol Chinn Tíre.

Is mór idir inné agus inniu. Is mór idir an 'Rat Pit' de chuig Phádraig Mhic Ghiolla gan eolas a scaip sé, agus an chaoi a bíos ar dheoraithe na Gaeltachta fá láthair. Faríor, ní thig linn a shéanadh nach dteidh a mbunas thall, ach, má theidh, is fearr fá ghiota mhaith na coinníollacha fána saothraionn siad anois, gí gur rud aifealach é go gcaithfidh siad imeacht leo ar chor ar bith.

Ach, nuair a smaointím air, tá Pádraig Mac Giolla imithe ar shlua na Fírinne le fada, ach, maireann an coras sclabhatúil go fóill, an coras sin a leirigh sé comh soileir, an coras sin a léirigh a dhúchais cheart don mhac seo. Agus ag déanamh tuille smaointe air, tá mé cinnte go bhfuil corr-dhuine fós fána Rosa a chuimhníonn an tarlóg fhuilteach údaí ar bhóthar uaigneach idir Kirkcolm agus Sreath an Radhair maidin earraigh fan bhliain 1934, nuair a thilg scata de Bhéarlóirí aineolacha clocha líonmhara ar scata eile toisc iad a bheith ag stealladh Gaeilge. Mar a dúirt an té a dúirt é, ní fhéadfadh sé titim amach ach idir Eireannaigh!

# "Berengenas con Queso"

Le BALTASAR DE ALCAZAR

[Ama aistriú go Gaeilg ag Cregg ag n-a chuid seomraí lóistín ag 89, Carleton Rd., N.7. i gceantar Holloway de Chathair Londain i Sasanaibh i mbliain an Tiarna míle, naoi gcéad seasca a sé.],

Trí rud 'mo choinneáil gaibhte,
Greamaithe i ndol an ghrá :
Úna áluinn,
Agus muicfheoil deataithe,
Agus uibh-phlandaí le sú cáise.

'Neos fainn díbh fá'n mhnaoi seo Úna
'Fuair ormsa a leithéid de bhuaidh,
'ach a'n rud a b'ábhar fuatha
'ach a'n rud taobh amuigh de Úna.

Cráite a bhí mé le bliain fhada,
Go dtí an lá ar chuir sí romham ar phláta,
Béile mór de mhuicfheoil deataithe,
Agus uibh-phlandaí le sú cáise.

Ó's íse a chéad-rug léi craobh sa choimhlint,
Tá áit do Úna i bhfíor-thoiseach an tsluaigh.
Ba deacair ina dhiaidh sin bheith deimhín cinte,
Den trí cineál, ce acu orthu a thug mo bhuaidh

I méid 's meáchán, blas 's teangmháil,
Eatorra ní thig liom aithint ;
Gráim Úna 's muicfheoil deataithe.
Gráim uibh-phlandaí le sú cáise.

Meádaítear fós ar áilleacht Úna :
Bíonn muicfheoil chugainn as Aracena :
Ariamh bhíodh cáis na Spáinne clúiteach :
Ár n-uibh-phlandaí uasal mar a gcéana.

Ach féach comh géar 's tá an deabhaidh!
Má bhreathnaím ar an scéal gan teas.
Is ionann iad uile ; Úna áluinn 's muicfheoil deataithe.
Agus uibh-phlandaí le sú cáise.

Ar a' laghad ins an chás seo,
De dheasca mo chuid nua-ghránna.
Béidh ar Úna a bheith níos garaí,
Ag dáileadh orm a cuid grástaí.

Nó béidh agam ina h-áit mar mhalairt,
Má fhaghaim feasta druim na láimhe,
Léab mór leathan de mhuicfheoil deataithe,
Agus uibh-phlandaí le sú cáise !

# Clár Radio

## NEWS AND DAILY FEATURES

News — Week-days, 8 a.m., 9 a.m., 10 a.m., 11 a.m., 12.01 p.m., 12.59 p.m., 3 p.m., 5 p.m., 6.30 p.m., 8 p.m., 9 p.m., 10.15 11.30 p.m.. Sunday — 10.15 a.m., 1.30 p.m., 6.30 p.m., 10.00 p.m., 11.30 p.m. Nuacht — 6.01 p.m., 10.00 p.m. Sponsored programmes — 8.15 a.m.—9.00 a.m., 1—1.30 p.m., 1.45—2.45 p.m. Angelus—12 noon, and 6.00 p.m.

FRIDAY — 5.01, Young Munster On The Air. 5.30, The Wonderful Adventures Of Nils. 6.01, Nuacht Agus Caint Na hAoine. 6.25, Focal On Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Tommy O'Brien Records. 8.01 Ceili Review. 8.15, A Munster Journal. 8.45, Ceannrodai Eireannach I fCursai Ceimice. 9.01, Symphony Concert. 9.55, Records. 10.30 Around The Town. 11.00, Sponsored.

SATURDAY — 11.01, Midmorning. 11.15, Let's All Sing. 11.30. What's My Line? 12.45, Week-End Sport. 2.45, Music In The Afternoon 4.00, Racing : Irish Cambridgeshire. 4.15 (approx.) After The Races. 5.01 Piano Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 6.01, Nuacht Agus Caint An tSathairn. 6.30, News. 6.45 Who's News? 7.15, Reacaireacht An Ríadaigh—4. 7.45, This Week At The United Nations. 8.01, Dear Sir Or Madam. 8.30, Not So Green. 9.01, Invitation Concert. 10.30, Ceili House. 11.00, Sponsored. 11.15, Birth Of A Ballad.

SUNDAY — 10.30, High Mass. 11.15, Signpost And Records. 11.30 Harvest Thanksgiving Service. 12.30 American Journey. 1.00, Not So Green. 1.35, Provincial News Round-Up. 2.00, Town Hall Tonight 2.45, An Coiciosan. 3.10, National Football League Final (1st leg); 4.35 (approx.), White, Green And Gold. 5.00, Ceol Do Phaisti. 5.30 Down The Country. 6.01, Nuacht Anall, Nuacht Abhus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, The Likes Of Linnane. 8.00, Bait. 9.05, To Beguile The Time. 9.30, The Irish Language. 10.00, News. 10.15, Newspoint. 10.35, Music Of The Nation. 11.05 Recital. 11.35, G.A.A. Results.

MONDAY — 5.01, Out Of Doors. 5.15, Songs With Guitar. 5.25, Just William. 6.01, Nuacht Agus Caint An Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Annso Is Annsud Sa Mhumhain. 7.30, What Are They Talking About? 8.01, Cool Breezes In The Sun. 8.30, The World In Pictures. 8.45, The Poets As Critics. 9.01, Aeriris. 9.30, Field And Farmhouse. 10.00, Nuacht 10.30, Ballads At Night. 10.45, City Newsreel. 11.00, Recital.

TUESDAY — 5.01, The Choir Of St. Anne's School, Raheny. 5.15 The Elephant Who Couldn't Learn Irish. 5.30, Mol An Oige. 6.01, Nuacht Agus Caint Na Mairte. 6.20 Announcements. 6.45, Requests From Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The RTE Singers. 8.01, A Woman's World. 8.30, The Betrothed. 9.01, Symphony Concert. 10.30, Today In The Dail. 10.45, Come All Ye Loyal Heroes. 11.00 Jazz Corner. 11.15, Unforgettable.

WEDNESDAY — 5.01, As A Boy. 5.15, Waiting And Wandering. 5.30 Junior Journal. 6.01, Nuacht Agus Caint Na Ceadaoine. 6.20, Announcements. 6.45, Beat The Memory Men. 7.30, A Man And His Music. 8.01, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.01, The RTE String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh 10.30, Today In The Dail. 10.45, Take It Easy. 11.00, Pop Call.

# Programan Gaidhlig

**SEO THÍOS LIOSTA DE NA CLÁRTHAÍ GÁIDHLIG AR B.B.C. NA hALBA, DON tSEACHTAIN AG TOISEACHT DIA LUAIN, 3ú DEIRE FÓMHAIR.**

**DIA LUAIN:**

| | |
|---|---|
| 12.00 | Naidheachd na Gáidhlig |
| 12.05/12.15 | Da Cheathramh agus Fonn. |
| 7.00/ 7.30 | Clair as Gach Cearn. |

**DIA MÁIRT:**

| | |
|---|---|
| 12.00 | Naidheachd na Gáidhlig. |
| 12.05/12.15 | Da Cheathramh agus Fonn. |
| 5.25/ 5.45 | Clár do Pháisti. Taifeadú a rinneadh Lá na bPáisti ag an Mhód le bliantaí anuas. |

**DIA CÉADAOIN:**

| | |
|---|---|
| 12.00 | Naidheachd na Gáidhlig. |
| 7.00 | Áine Ros ag cur síos ar sheandálaíocht na hAlba. |
| 7.15/ 7.30 | Orain Ghàidhlig : Cairistíona Grannd. |

**DIARDAOIN:**

| | |
|---|---|
| 12.00 | Naidheachd na Gáidhlig. |
| 12.05/12.15 | Da Cheathramh agus Fonn. |
| 4.15/ 4.35 | Seirbhís Eaglasta á stiúradh ag an Urr. Dómhnall Mac Cuis, Caddonfoot. |
| 6.35/ 7.00 | Ceol ar a' Phíb Mhóir á sheinnm ag Iain Mac Dubhghaill. |
| 7.00/ 7.30 | (V.H.F.) "Anns na Garbhchríochan". Tuairsc, agallamh, orain agus ceól ó'n Ghháidhealtachd. |

**DIA hAOINE:**

| | |
|---|---|
| 12.00 | Naidheachd na Gáidhlig. |
| 12.05/12.15 | Da Cheathramh agus Fonn. |

# Cursaí Oideachais

(Le BRIAN Ó MAOILEOIN)

BHÍ mé ag caint san alt dheireannach ar an riachtanas atá le córas úr oideachais a bhunú do'n phobal Ghaelach, ceann nach mbeadh ag iarraidh bheith ionchurtha le córas an Bhéarla ach chun tosaigh air. Focal mór, agus tá 'fhios agam é. Ach ba bheag a bfhiú dúinn an stró a chur orainn féin mur mbeadh againn sa' deireadh ach rud a thig linn a fháil cheana féin gan stró gan cóstas. Caithfidh muid a thuigbheáil nach bhfuil an córas atá ann fa láthair ar dhóigh ar bith ag foirstin do'n tsaol a bhfuil muid ag dúil lena theacht cá bith mar tá sé foirstin do'n tsaol atá ann anois. Agus tá sé ag foirstin do'n tsaol atá ann anois ar an ábhar go bhfuil sé ag solathar oiread maistrí agus oiread sclabhaíonní a's tá riachtanach leis an chóras phribhlíideach atá ann a choinneail ag dul. Nó tarlaíonn go bhfuil an saol rannta go fóill ar dhóigh airithe a éilíos go leanfar dá chothú mar bhithear a chothú go dtí seo.

Ins an am a chuaidh thart, agus fiú san am i láthair, ní rabh feidhm ach le beagan beag stiúrthóirí ag an bharr, beagán ní ba mhó bainisteoirí gnaithe faofa sin, agus 'na ndiaidh-siúd oiread seo oifigeach feidhmiúcháin, lucht an bhóna bháin, srl.; 'na ndiaidh sin na sclabhaíonnaí, lucht bogtha clabair, scuabtha sráid, glanta bin. Caidé an toideachas a bhí riachtanach ag sclabhaí? Dheanfadh rud ar bith a ghnaithe, cumas 'x' a chur ar líne an corr-uair a mbeadh feidhm lena léitheid. Searbh go leor b'fhéidir, ach fíor. Níorbh éigean ach fíor bheagán de'n phobal a oiliúint le bheith 'na saoistí ar an chuid eile. Chan fiú an méid a rabh an tadh ortha bheith roghnaithe a fuair oideachas sa chéill is leithne atá leis an fhocal. Lucht eolaíochta mar shompla, agus gan eolas ar bith aca ar na healaíona, lucht ealaíne agus iad dall ar oibriú na heolaíochta. Leis an fhírinne a dhéanamh níl an scéal leath comh holc anois as mar bhí. Níorbh iad na Graimearscoltacha ba chúis le sin áfach, ach na Meanscoltacha nó an chuid a b'éifeachtaí aca. Toisíodh ar chúrsaí a chur ar fáil a bheadh ag teacht le abaltacht na bpáistí i náit a bheith ag freagairt do mhiantaí an tsaoil phoiblí. Toisíodh ar abhair úra agus ar mhodhannaí úra le na dteagasc gan barraíocht airde ar "an chaighdean ion-mhianaithe sna gna - abhair aitheannta." Barrshamhailt, ar ndoighe, abhí sa' méid sin. Níl na gnaithe seo ach 'na thús go fóill.

Tá na sean-bharúlacha ann ar fad. Tuismighteoirí a bheir an dearcadh d'á bpáistí nach bhfuil a dhath ar bith sa tsaol seo is tabhachtaí na an 11 plus; gurab í an Ghraimearscoil is ceart daofa bheith ag iarraidh a bhaint amach, 's gurab iad na hamadáin iad nach mbainfeadh. Ní chluinfea an dearcadh sin a oiread céanna ag tuismitheoirí bochta. Ní bhíonn an comórtas 'na spreagadh leath comh mór i measc a léitheidí siúd a's bíos i measc aicmí is saidhbhre na iad.

Ach mar a dúirt mé, tá na hathráithe ag teacht. Tá iomradh ar scoltacha cuimsitheacha anois. Aithnítear nach leor oideachas a sholathar do chách, go gcaithfidh an coras a bheith cothrom. Ní dheanfaidh sé gnaithe feasta foirgneamh agus treallamh níos fearr a bheith ag an scoil seo ná ag an scoil siúd, ná níos mó paighe ar shon na hoibre céanna a bheith ag múinteoir amháin i nGraimearscoil ná ag múinteoir Meanscoile. Má tá na trí chineál scoltach (sí an Cheardscoil an 3ú ceann) le mairstin go cionn tamaill eile caithfidh an seasamh amháin a bheith aca araon.

I dtaca linn féin dó ní thig linn a bheith ag déanamh moille. D'fhán Gaeil na cathrach seo fada go leor sular thoisigh siad a dhéanamh smaointithe ar riachtanas na bpáistí óga a tathar a thógail le Gaeilg anois. Sa deireadh thiar tá naí-scoil Ghaelach a chur ar bun. Ní bhíonn i naí-scoil ar bith ach céim amháin ar an bhealach go dtí'n bhunscoil. Sé an chéad rud atá le déanamh againn cinntiú nach céim ar an bhealach go dtí bunscoil ghallta a bheas intí. Agus sé an dara rud atá le déanamh againn toiseacht a dhéanamh réidh do'n uair a bhéas na páistí i naois an mheanoideachais. Mur ndéan muid an méid sin beirfear goirid orainn arís.

(Tuilleadh an tseachtain seo chugainn).

## CULTACHA BRISTI DO BHANALTRA

Is féidir go gcuirfidh banaltraí de chuid na Sasain a gcuid gúnaí stairseáilte ar leataoibh agus go dtoiseochaidh siad ag caitheamh cultacha brístí.

An mhí seo, i Lonndain, beidh roinnt taispeantas de leagnacha éagsúla den éideadh úr ar siúil.

Ach níl "barúil ar bith" ag banaltraí na hÉireann an mbeidh siadsan sasta glacadh leis comh maith. Dúirt Matrún Oispeadal mhór de chuid Bhaile Átha Cliath— "Tíotar domh go bhfuil an smaoiteamh amaideach ar fad. Aontaím leis an éideadh bheith comh simplidhe agus is féidir, ach sílim go dtéann an scéim seo ró-fhada."

## DEALG LOCHLANNACH

Tá Iarsmalann Uladh indiaidh sean-dealg Éireannach a rinneadh in aimsir na Lochlannach a cheannacht i Londain. Tá sé déanta de airgead órnáideach agus is cosúil gur sa 10ú aois a rinneadh é. Tá 16 de dhealga mar é ar fáil, ach seo é an taon cheann atá i gCúige Uladh.

## REIC ANTIQUE I MBAILE UI DHALAIGH

Tháinig níos mó ná 200 ceannaithe an tseachtain seo chuaidh thart chuig reic antique i dtoigh Mr. John Crossle, Áth na hEo, Baile Uí Dhálaigh. As Béal Feirste, Baile Átha Cliath agus Nua Eabhrach iad.

Dhíol ceannaí as Béal Feirste an luach is airde (£810) ar chrinnlín de aois Loúis XVI.

## CAILINI SAN AER

Tá fadhb mór ag Roinn na nAeróstach de chuid Aer Lingus. An bhlian seo caite, d'fhág 54 de na cailíní—an cuid is mó acu le pósadh. Anois is gá do Aer Lingus toiseacht a loisteáil arís—ag cur suim ar leith i gcailíní de chuid an Tuaiscirt. Inné dúirt Miss Pat Blake, Stúirthóir na nAeróstach— "Tá muid thar a bheith sasta leis na cailíní tuaisceartacha uilig atá ag eitealaigh linn. Tá cuid acu i measc na naeróstacha is fearr dá bhfuil againn." Ag an bhomaite tá 355 aeróstach ar fad ann—188 ar eitleáin a théann trasna an Aigean Atlantach agus 167 ag taisteal idir Éire agus Sasain agus an Mhór-Roinn.

# Timpeall an Domhain

(Le "SPUTNIK")

**S. A. M.**

Bheadh trua ag duine don Uachtaran Johnson i dtaca leis na deacrachtaí atá aige sa bhaile ach ab é an scrios atá a dhéanamh ar mhuinntir Vietnam. Sé an fáth a n-abraim sin gur i mbliana a throidfear na toghacháin san Iar-Iarthar, áit a thug dílseacht don Phartaí Phoblachtanach le níos mó na trí scór bliain. Níl sin go díreach i gceart, nó bliain an toghacháin dheireannaigh, ghuthaigh muinntir Kalamazoo, Michigan, ar son Paul Todd, an céad ionadaith ó'n Phartaí Daon-fhlathach as an cheantar sa chéad seo. Fuair sé isteach le breis is 8,000 guth.

Is tabhachtach ar fad anois ag Johnson go mbainfidh ionadaithe ar nós Todd. Gan iad ní thiocfadh leis na hachtanna mar Medicare, ceart Guthíochta a bhrú ar an Seanad. Dar ndoigh níl na Poblachtanaigh ró dhóchasach go nglacfaidh siad an suíochan ar áis ach tá go leor amhras ar na Daonfhlathaigh gur chuir siad an tUachtarán annseo an seachtain seo caite (sé an céad uair a dtug Uachtarán cuairt ó an chéad chogadh domhanda!). Tuigeann sé féin go bhfuil sé ag brath ar leithid Todd san dóigh chéanna a bhí siadsan a dtuilleamaí airsean dhá bhlian ó shoin.

Ach cibé toradh a bíos ar an toghachán seo níl an cuma air go n-athrochaidh sé an scéal ó thaobh Vietnam de.

**RHODESIA**

An feidir a rá anois go bhfuil an céad bhabhta thart sa troid idir London agus Salisbury? De réir gach eolais ní fada anois go scarfaidh Mr. Smith leis an Chomhfhlathas ar fad. Rachaidh sé ar an bhealach chéanna a chuaigh an Aifric Theas roinnt bliain ó shoin. Ach is cinnte nach mbéidh an "Poblacht" nua abálta seasamh in éadan an domhain ar an doigh chéanna a rinne iar-uachtarán na tíre sin—Dr. Verwoerd.

Fiú amháin muna n-éiríonn le cibé smachtbhannaí nua a chuirtear i bhfeidhm, agus fad is go ndéanann an Aifric Theas agus an Phortaingeil neamh-iontas daobhtha, ní eireochaidh, ní doigh liom go mbeidh stáit eile na hAifrice sasta seasamh ar leataoibh agus ligint don darna stát apartheid fas ina measc. Fosta beidh sé níos fusa ionnsuí a dhéanamh ar Rhodesia ná'n Aifric Theas ó tharla go bhfuil formhór muinntir an domhain dubh in éadan leathnú smaointeacha Verwoerd agus a chomh-Naitsí.

**SASAIN**

Anois deir Ray Gunter, Aire Oibre, gur feidir go gcaithfear níos mó ná 700,000 as obair i mbliana. I dtús an "squeeze" sé an meastachan a thug an rialtas figiúr éigin faoi 500,000. Comh maith le sin cuireadh meamran chuig na ceard-chumainn agus na tionscáil a rá nach feidir laghdú ar an squeeze ar dhóigh ar bith.

Ag caint ar chruinniú deireadh na seachtaine seo caite dúirt Gunter gur fearrde daoine bheith as obair na bheith ag obair trí lá nó ceithre lá sa tseachtain. Moladh aisteach ag teacht ó áire Rialtais Lucht Oibre. Ba mhaith liom fios a bheith agam caidé an freagra a thabharfadh Séamus Ó Conghaile air!

**AN AIFRIC THEAS**

Seo roinnt fíricí a bhaineann leis an Phríomh Áire nua san Aifric Theas—John Vorster. Aois 51, léigh sé dlí ar ollscoil, cuireadh i mbraighdeanas é i 1942 mar ball de na Stormjaers (daoradh cuid acu chun báis). Rinneadh áire Iustais dó. Éisean a d'fhoscail campa gheibhinn ar Robben Island. Eisean a thug isteach an "braighdeanas 90 lá" (anois 180 lá).

Caidé an céad choisceim bhradach lofa eile a ghlacas sé anois?

# "Cymru Rydd"

## "Saor An Bhreatain Bheag"

"Cymru Rydd"—sin é manadh Airm Saoirse na Breataine Bige. Ar chlár teilifíse an tseachtain seo chuaidh thart dúirt duine acu ("Níl mé féin ró-ard san Airm") go bhfuair siad lón-cogaidh ón Eoraip (sean-stuif de chuid na nGearmánach), agus gur fhoghluim siad cuid mhór ón I.R.A. Níos luaithe sa bhliain pléascadh reservoir uisce go hiontach ealaíonta, rud a chosain na mílte punt agus a chuir bac millteanach ar an scéim. Níor cúisíodh aon duine as go fóill ach glactar leis gurbé an tAirm a ba chionntaí. Tá siad go dubh in éadán a leithéid sin de scéim atá ag goid uisce na Breataine Bige.

Níl aon bhaint oifigiúil ag ar Airm le Plaid Cymru. Shéan Gynfor Evans, a toghadh ar na mallaibh do Rialtas Westminster, aon bhaint leis an Airm, agus chan amháin sin ach gur mháigh sé go bhfuil siad á n-úsáid ag "údaraisí ón taobh amuigh" fá choinne mí-chliú a tharraingt ar an Ghluaiseacht Náisiúnta. Dúirt sé go bhfuil An Bhreatain Bheag neamh-fhorbairte agus a locht sin ar an Rialtas nach bhfuil sásta airgead a dheas-bháthadh sa tír. (An féidir go bhfuil An Bhreatain Bheag ag Londain mar tá Doire ag Béal Feirste?). Molann sé tionscail bheaga i bhforbairt na tíre, mar, siad is lú a chuirfeadh coiscreadh faoi shaol traidisiúnta na Breataine Bige. Luaidh sé An Eilbhís mar shampla de thír bhig shaibhir, a bhfuil a cuid tionscal uilig nó a mbunús cibé, beag.

Tá ábhar amháin aontais idir an Plaid agus an tAirm. Sé sin, cur chun cinn na Breatnaise. Sa daonaireamh a rinneadh i 1961 bhí an ¼ cuid den phobal in innimh Breathnais a labhairt. Tá sí á teagasc ins na scoltacha uilig agus ag fáil tacaíochta ó údaraisí an "establishment" ar nós B.B.C. (Radio agus Telewele), an Eisteddfod Náisiúnta agus ó ghluaiseacht don aois óig a bhaineas le sport agus imeachtaí sóisialta.

Bhí Richard Burton an taisteoir, Breathnaiseoir ó Glamorgan ar an chlár sin teilifíse. Nuair a cuireadh ceist air an Náisiúintóir é féin, dúirt sé nach gcuirfeadh sé beo daoine i gcontúirt ar son na cúise. Nuair a fiafraíodh dó, afach, caidé dhéanfadh sé agus an Bhreathnais i mbaol báis, ba é an freagar a thug sé: "Béidir go dtoiseoinn féin a phleascadh traenacha!"



**Oifigigh de chuid Bhord Iascaigh Mhara i gCill Rónáin, nuair a tugadh tráiléir do Chiarán Mac Goill (i lár). Siad Séamus Ó Ceallacháin, agus Breandán Ó Ceallaigh an dá oifigeach. Béidh an tráiléir á úsáid do mhuintir Oileáin Árann, agus sé Bord Iascaigh Mhara a cheannaigh é.**

# LEATHANACH NA MION FHOGRAI

## CUIDIGH LE N-AR BHFOGROIRI

### Oideachas

**INSTITIÚID AN OIDEACHAIS.** Múinteoirí de gach caighdeán a dhíth fá choinne cúrsaí do leanaí agus do dhaoine fásta. Scríobh chuig: Brian O Maoileoin, 18, Hillhead Ave., B.F. 11.

### Togail agus Coiriu Ti

**D. P. JOHNSON,** Péinteoir agus Maisitheoir. Meastacháin in aisce. Obair shlachtmhar. — 29, Rodney Pde., B.F. 12. Guthán 614192.

**T. Ó DOMHNAILL,** 32, Sráid Thompson. Gach saghas tógáil, cóiriú agus athchóiriú. Meastacháin saor in aisce. Guthán: 58010.

### Tithe Osta

**INTERNATIONAL HOTEL,** Cearnóg Dhún na nGall, Theas, Béal Feirste, 1. 54 seomraí leapa. Táillí réasúnta. Seomraí príomháideacha (slí iontu do 20 - 200 duine) i gcomhair bainseacha, céilithe, dinnéaraí. Restaurant Cliúiteach. Lán-cheadúnaithe.

### Caidreamh, Tabhairni, Etc.

**AN PIKE,** gach oíche Dhiardaoin, Terry's Bar, Sráid Milford. Ceol agus cuideachta. Fáilte ar leith roimh Ghaeil.

**GARFIELD BAR,** Lr. Garfield St., Béal Feirste 1. Togha dí agus cuideachta. Fear an tí:— Pádraig Mac Mathúna.

**AN SEAN-TEACH,** príomh-áras na nGael mBéal Feirste. Cuideachta Ghaelach agus scoith na dí. 168, Sr. Albert. Fear a' tí: T. Slevin.

### Ceirnini, Leabharthai, &rl.

**PREMIER.** Gach cineál ceirnín le fáil sa PREMIER, 63/67 Smithfield Market. Guthán 30896. Ceirníní Gael-Linn agus Gael-Fonn ina measc.

**SERRIDGE.** Fáilte romhat i siopa Serridge, 93 Sráid an Chaisleáin. Guthán 25021. Gach leabhar Gaeilge le fáil annseo.

## NAOIDHE SCOIL PHOBAL FEIRSTE

Bunaíodh Naoidhe Scoil Phobal Feirste ar an 13ú lá de mhí na Lughnasa 1966, i gCumann Chluain Árd, Sráid na Scéiche, Béal Feirste, do pháistí atá a thógáil le Gaedhilg. Tá Pobal na nGaedhilgeoirí in Éirinn a thúiscint le chéile agus níl ins an Naoidhe Scoil i mBéal Feirste ach céim eile atá tugtha againn ár saoghal féin agus saoghal ár bpáistí a fhorbairt ins an dóigh a thiocfas bláth ar na tréathra dúthchasacha atá ionainn. Ní indiu ná indé a thoisigh aithreacha agus maithreacha a thógáil páistí le Gaedhilg i mBéal Feirste, tá muid iongantach brodúil as na fir agus mná óga atá in ár measc a tógadh le Gaedhilg, tá moladh mór tuillte ag a tduismightheoirí, 'siad a rinne éacht mhór i dtimpeallacht an Bhéarla. D'fhoghluim muid a lán uabhtha, threabhuigh siad an pháirc romhainn agus chuir siad pór de'n chéad scoith; tá sé fúinn féin anois cúram a thabhairt ar an pháirc sin. Leis na blianta beaga anuas d'aithin muid an tabhacht a bhí leis an phobal agus le beagán comh-oibriú go dtiocfadh leis an duine aonarach a dhéanamh. 'Sé spiorad na comhraíochta a bhainseas barr buaidh ar gach rud, d'aithin muid sin i gcéin an lá atá inniu ann. Tá sé mar adhbhar misniúil againn go bhfuil an dlúthas agus an chomhraíocht imeasc Gaedhilgeoirí na tíre, agus ní áidhbhéal ar bith a bheith a' súil le spreagadh as cuimse uaidh mar a fuair muid cheanna féin leis an scoil a bhunú. Anois tá an córas céadna ag oibriú fríd ár bpáistí, tá pobal beag dá gcuid féin acu ag foghluim agus ag fás i gcuideachta a chéile. Tá áit eile as a bhfuair muid an spreagadh is mo, áit nach dtug cul a cinn leis an dúthchas, áit a choinnigh an tobar fíor-ghlán mar agus daoine eile a spreagadh de réir. Rachaidh muid i gcomhair leis an Ghaedhealtacht agus béidh muid ag dul i gcomhair leis an náisiún.

Tá an Ghaedhealtacht. Caithfidh gach Gaedhilgeoir a aidmheail in a chroidhe gur iongantach an rud é go bhfuil an Ghaedhealtach beo ar chor ar bith, aindheoin achan tréigheáil a gnídh muinntear na hÉireann uirthí, ach ní mhairfeadh sí go deo gan muid theacht i dtarrthail uirthí—gan muid fás agus foghluim i gcuideachta na Gaedhealtachta—gan muid tús áite a thabhairt daoithe in ár saoghal féin

## MARINA AR LOCH NEACHACH

Ag cruinniú de Choiste Chomhairleach Chreag Abhann (an chathair úr a thógfar i gCo. Ard Macha) cuireadh síos ar marina atáthar ag dul a thógáil ar bhruach Loch nEachach. Hiarradh ar na baill fáil amach ó mhuintir an cheantair caidé an seórt aiseanna a ba mhaith leo a fheiceáil ann, agus go ndéanfaí an scéal a phlé níos iomláine ag an chéad chruinniú eile sula dtugfaí comhairle do Choimisiúin Fhorbairte na Cathrach.

## LUCHT DREAPADOIREACHTA

Tá dhá chumann dreapadóireachta, as an Chaisleán Nua agus as Baile Átha Cliath, indiaidh theacht le chéile fá choinne foireann tarrthála a bhunú do Thír Chonaill. Dúirt Mr. Brian Black, Béalfeirsteach atá ina bhall den chumann sa Chaisleán Nua, go bhfuil i bhfad níos mó daoine anois ag cleachtadh an spóirt seo i dTír Chonaill i rith an tSamhraidh, agus go mbéadh géarghá le foireann tarrthála in aimsir na práinne.

## O hEOCHAIDH SA ROIMH

Chuaidh Cathal Ó hEochaidh, T.D., Aire Tailte na 26 gCo., 'na Róimhe ar na mallaibh fá choinne labhairt le Signor Franco Restivo, mar gheall ar an trachtáil i dtáirigeadh feirme a thiocfadh a fhorbairt idir an dá thír. Bhí Seosamh Ó Siadhail, Taidhleoir na hÉireann san Iodáil i láthair fosta. An cháin ar eallach agus feoil na hÉireann ag dul isteach san Iodáil, an tábhar is mó a dearnadh plé air.

Dúirt Aireacht na hIodáile go rabh "caradas ar leith" ag baint leis na cainteanna.

## CISTE CHÁIRDE "SCÉAL ÚR"

# £6,000 sa Bhliain

- atá a dhíth le Scéal Úr" a fhoilsiú. Tá géar-ghá le do
- chuidiú-sa le costaisí tionscnaimh a ghlanadh. Cuir-
- tear sínteanaisí chuig: An tEagarthóir, FOLLUS, 11,
- Sráid Cawnpore, Béal Feirste 13. Dhéanfar gach sín-
- teanas a admháil agus foilseófar liosta na sínteanas-
- óirí ar an pháipéar.

Gabhaimíd buíochas le gach duine á dtug cuidiú dúinn.

## O BRAONAIN

**MIOTALRA**

*—OBAIR ORNAIDEACH DO AILTIRI—*

*agus do gach dream*

27B SRAID KENT - BEAL FEIRSTE
Guthan - 25575.

# Gaeilgeoir San Old Bailey

Cuireadh William Kett, as Luimneach, faoi bhannaí thrí mblian san Old Bailey i Londain ar na mallaibh, as Éireannach eile James Nugent a mharú.

Is cosúil go deachaidh sé ag ól oíche i ndiaidh a chuid oibre i gcuideachta cupla cara. Chuaidh siad indeireadh ama go dtí café in Harlesden, agus is ann a bhuail siad le Nugent agus áirde dá chuid. Seo í an chéad uair a casadh an bheirt ar a chéile.

Dúirt Mr. Alastair Morton, an té a bhí ag cur cúise ar Kett, gur Béarla a labhair an chuideachta uilig, ach Kett agus Nugent a bhí ag labairt i nGaeilg.

Nuair a d'fhág siad an café go goirid i ndiaidh an mheán-oíche, bhí caint éigin ag Kett i nGaeilg le Nugent agus de réir deallráimh thuig cuid de na daoine eile caidé dúirt sé. Chuir Nugent troid ar an fhear eile agus is dóiche gurbhé a bhuail an chéad bhuille. Buaileadh é féin agus nuair a thuit sé bhain a chloigeann go cruaidh leis an talamh, rud a thug a bhás.

### Saothar agus Seirbhisi

**CEARDAITHE** a dhíth. Má tá ceard nó scil agat ba mhaith linn scéal suimiúil a phlé leat. Sé do leas clarú linn. Glaoigh, scríobh, no buail isteach: EADRAS, 110, North St., Béal Feirste, 1. Guthán 33040.

**SEIRBHISI OIFIGE,** gearradh stionsal i dteanga ar bith, eamhnú. EADRAS, 110, North St., B. F., 1. Guthán 33040.

**LON-EARRAI.** Bheirimid do chuid earraí grósaera agus eile chun tí chugat. Cuir do ordú chuig: An Bainisteoir, DALUS, (Seirbhís siopadóireachta), 63, Cliftonpark Ave., B.F. 14, nó glaoigh 33040.

**AMHRAN** ar bith idir fhonn agus fhocail le fáil ar ribín. Tearmaí agus tuille eolais ó: An tSeirbhís Cheoil, f/ch. FOLLUS, 11, Sr. Cawnpore, B. F. 13.

**SPASCO.** B'fhéidir nach bhfuil tú tugtha don fhear ó UNCLE ach bí ag caint leis an fhear ó SPASCO ar gach gné fograíochta. IS FIU FOGRA A CHUR AR "SCEAL UR". Glaoigh 827720 nó 33040.

### Gluaisteain, Taxi, Etc.

**MOLEY'S MOTORS,** 49, Cearnóg Victoria, Béal Feirste 1. Gluaisteáin ar fostadh. Glaoigh: 33123, go dtí 9 p.m.

### Biotailte, Mianrai, Etc.

**Guinness Gléineach . . . . i mBarr a Apaíochta.**
ó
**McKENNA & McGINLEY Limited, Béal Feirste.**
Glaoigh 21514, 31704




# INDIAIDH SEO ...



## . . . INDIAIDH SIUD

. . . indiaidh an lae indiaidh na hoíche indiaidh an iomláin indiaidh sin 's uile is fearr duit ticéad a bheith agat i gcónaí . . . is fearr faill a thabhairt do'n áiméar . . . is fearr a bheith réidh le baint. £50,000 ar son £1.

3 CRANNCHUR SA BHLIAIN
LINCOLN
DERBY CRANNCHUR ÉIREANN
CAMBRIDGESHIRE
NEART CÉAD DUAISEANNA DE

£50,000

TICÉADAÍ £1 AN CEANN

CRANNCHUR NA NOSPIDÉAL ÉIREANNACH, DROICHEAD NA DOTHRA, BAILE ÁTHA CLIATH 4.
Brainsí ag Corcaigh, Sligeach, Gaillimh, agus 9—11, Sr. Grafton, Baile Átha Cliath 2.

Caps.